COIMISIÚN NA SCRÚDUITHE STÁIT
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2016

Tíreolaíocht

Fiosrúchán Tíreolaíochta (20% de na Marcanna Iomlána)

Liosta Sonraithe na dTopaicí Fiosrúcháin, 2016

Eolas Ginearálta

- Tá na topaicí céanna fiosrúcháin ann ar an Ardleibhéal agus ar an nGnáthleibhéal.
- Ní mór do gach iarrthóir (Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal) tuairisc a dhéanamh agus a chur isteach ar thopaic fiosrúcháin *amháin* a roghnófar as an liosta de na sé cinn a thugtar thall.
- Ní mór do na hiarrthóirí an tuairisc ar an bhfiosrúchán a dhéanamh sa leabhrán oifigiúil 'Fiosrúchán Tíreolaíochta – Leabhrán Tuarascála'.
- Is é **29 Aibreán 2016** an dáta chun na tuairiscí críochnaithe ar na fiosrúcháin a thabhairt don mhúinteoir.
- Coinneofar na tuairiscí in áit shábháilte sna scoileanna go dtí lá an scrúdaithe scríofa sa Mheitheamh, tráth a nascfaidh na feitheoirí sna hionaid scrúduithe iad leis na scripteanna scríofa cuí, lena seoladh ar aghaidh go dtí Baile Átha Luain.

Eolas do Mhúinteoirí

- Beifear ag súil leis go mbeidh an Obair Chúrsa Phraiticiúil – an tuairisc ar an bhfiosrúchán tíreolaíochta – réidh ag na hiarrthóirí lena cur faoi bhráid údaráis na scoile acu faoi **29 Aibreán 2016**.
- Ní mór an tuairisc bunaithe ar an topaic fiosrúcháin roghnaithe a dhéanamh de réir an struchtúir atá leagtha amach sa leabhrán 'Fiosrúchán Tíreolaíochta – Leabhrán Tuarascála'.
- Ní mór an fiosrúchán agus an tuairisc a dhéanamh faoi mhaoirseacht múinteora.
- Obair phearsanta an iarrthóra féin amháin is gá a bheith sa tuairisc a chuirfear isteach le haghaidh measúnachta – agus é sin deimhnithe ag an iarrthóir agus ag an múinteoir.
- Ní mór gach foinse thánaisteach a úsáidtear [leabhair, irisí, suímh ghréasáin, etc.] a admháil mar is cuí.

Liosta na dTopaicí Fiosrúcháin sa Tíreolaíocht d'Iarrthóirí a bheidh ag déanamh na hArdteistiméireachta in 2016

N. B. **Tá ar gach iarrthóir tuairisc a scríobh ar cheann amháin de na Topaicí Fiosrúcháin a leanas.**

1. Patrúin tráchta i gceantar áitiúil.

2. An daonra i gceantar áitiúil.

3. Saincheist chomhshaoil áitiúil.

4. Athrú ar an talamhúsáid i gceantar áitiúil.

5. Patrúin áitiúla aimsire.

6. Tionchar phróiseas/phróisis g(h)eomorfach(a) agus/nó ghníomhaíocht an duine ar fhorbairt tírghné(ithe) i dtimpeallacht oighreach nó abhann nó chósta nó charstach.